Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2022
(OR. en)

14073/22

LIMITE

CORLX 987
CFSP/PESC 1424
CSDP/PSDC 700
PESCO 10
FIN 1146

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i dtionscadal 'Soghluaisteacht Mhíleata' PESCO |

1. An 11 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2315[1] lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

2. An 5 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1639[2] lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO.

3. Foráiltear le hAirteagal 2(4) den Chinneadh sin, bunaithe ar fhógra a thabharfaidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí thionscadal PESCO, agus tar éis don Choiste Polaitiúil agus Slándála tuairim a thabhairt uaidh, go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh agus le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 an gcomhlíonann rannpháirtíocht an tríú Stát a d'iarr a bheith rannpháirteach sa tionscadal sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.

[1] IO L 331, 14.12.2017, lgh. 57–77
[2] IO L 371, 6.11.2020, lgh. 3–9

4. An 29 Iúil 2022, chuir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe) chuig comhordaitheoir thionscadal PESCO a hiarraidh ar rannpháirtíocht sa tionscadal PESCO sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Chinneadh (CBES) 2020/1639. Rinne comhaltaí an tionscadail measúnú ansin, ar bhonn na faisnéise a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil, an gcomhlíonann sí na coinníollacha ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2020/1639.

5. An 7 Deireadh Fómhair 2022, thug comhordaitheoir thionscadal 'Soghluaisteacht Mhíleata' PESCO fógra don Chomhairle agus don Ardionadaí, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, gur chomhaontaigh comhaltaí tionscadail an tionscadail PESCO sin d'aon toil an lá roimhe sin (a) gur mian leo cuireadh a thabhairt don Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach sa tionscadal sin, (b) maidir le raon feidhme, foirm agus céimeanna ábhartha rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa tionscadal sin agus (c) go gcomhlíonann an Ríocht Aontaithe na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639 (13591/22).

6. An 19 Deireadh Fómhair 2022, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) tuairim maidir leis an bhfógra i ndáil leis an iarraidh ón Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach i dTionscadal 'Soghluaisteacht Mhíleata' PESCO (doiciméad 13848/22) inar mhol sé go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh dearfach i dtaobh an gcomhlíonann rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i dTionscadal 'Soghluaisteacht Mhíleata' PESCO na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1639.

7. An 31 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i dTionscadal 'Soghluaisteacht Mhíleata' PESCO (14071/22).

8. An 7 Samhain 2022, chomhaontaigh Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

PUBLIC

9. Iarrtar ar Coreper, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a dhaingniú;
- a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i dTionscadal 'Soghluaisteacht Mhíleata' PESCO mar a leagtar amach, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, in 14072/22 é;
- a chinneadh an Cinneadh ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

PUBLIC